

❖ An Lúibín ❖

16 Samhain 2011

Beathaisnéisí ar líne

Suíomh nua beathaisnéisí Gaeilge is ea www.ainm.ie agus 1,693 beatha ann a bhaineann leis an gcúig chéad bliain a chuaigh thart. Baineann an chéad bheatha leis an mbliain 1560. Tionscadal é a chuir Fiontar i gcrích i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht agus le Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, beirt a scríobh an tsraith *Beathaisnéis* a d'fhoilsigh An Clóchomhar. An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta a sholáthair an t-airgead.

Is díol spéise é an oiread sin ban a bheith ann (cé gur lú a líon ná slua na bhfear), go háirithe iad siúd a bhain leis an Athbheochan. B'fhada nós ag lucht scríofa an scéil sin bua na mban a cheilt; na fir a bhí chun tosaigh riamh.

Ar na mná úd bhí an scoláire Gertrude Schoepperle (1882-1921), bean de shliocht Gearmánach a raibh baint aici le saothrú na Gaeilge sna Stáit i dtús na haoise seo caite agus a bhí ina heagarthóir (in éineacht le hAindrias Ó Céileachair, sagart agus scoth scoláire) ar *Beatha Choluim Chille (Betha Colaim Chille)*, ceann de na seantéacsanna Gaeilge is tábhachtaí. In Oil City, Pennsylvania, a rugadh; fuair sí BA sna Stáit agus rinne staidéar ina dhiaidh sin in München agus i bPáras; ansin chaith sí tamall in Éirinn i mbun na Gaeilge, áit a bhfuair sí aithne ar Kuno Meyer, an sarscoláire Gearmánach, agus ar chuid eile de mhórscoláirí na teanga. Bean gheanúil éirimiúil ba ea í, agus ar fhilleadh ar Mheiriceá di thosaigh sí ag obair mar acadóir. Í ina teagascóir Gearmáinise in Ollscoil Nua-Eabhrac idir na blianta 1912 agus 1913, agus post aici ina dhiaidh sin in Ollscoil Illinois, Urbana, post a lig dí an Ghaeilge a shaothrú. Bhí a lán ar siúl i saol na Gaeilge in Illinois ag an am: leabhair Ghaeilge agus macasamhla lámhscríbhinní á mbailiú; drámaí, rince, amhránaíocht agus scéalaíocht sa Chlub Ceilteach; agus scoláireacht taighde ar fáil. Ba í Ollscoil Illinois a d'fhoilsigh *Miscellanea Hibernica* le Kuno Meyer, an chéad saothar Sean-Ghaeilge a tháinig amach sna Stáit. Bhíothas ag smaoineamh freisin ar *The Irish Foundation of America Series* (sraith leabhar) a fhoilsíú. Nuair a thosaigh an Chéad Chogadh d'fhan Gertrude mór le Kuno Meyer agus thug sí anall chun Illinois é sa bhliain 1916. Ach chlis a gcuid pleananna orthu agus loic na húdaráis ar Gertrude: chaill sí a post. Phós sí sa bhliain 1919, agus bhí sí ina hOllamh le Francis i gColáiste Vassar idir sin agus 1921, bliain a báis. Chomh maith leis an m*Beatha*, d'fhoilsigh sí *Tristan and Iseult: a study of the sources of romance* (1913), saothar a bhí bunaithe ar a tráchtas dochtúra.

Ní sé chomh fada sin ó cailleadh Áine (Stáis) Ní Chnáimhín (1908-2001), duine de theaghlach mór cliste a bhíodh ag siúl i gcónaí i ndiaidh a n-athar, caibinéadaire. Chuaigh Stáis le múinteoireacht i Luimneach agus chríochnaigh ina leas-phríomhoide. Bhí Gaeilge mhaith aici agus suim sa drámaíocht aici, dhá rud a chuir i gceann oibre í ag aistriú drámaí go Gaeilge sna daichidí – drámaí Béarla a raibh dúil iontu ag an am. Tháinig drámaí eile óna lámh féin – *Tar éis a thuigtear, An Bhrionglóid, Agus ansan-?-?* agus *Meascán mearaí*. (Cá bhfios nach fiú iad a athléiriú?)

Protastúnach Ultach ba ea Íde Nic Néill (1860-1959), duine den chuid úd den uasaicme a bhí saite sa Gaeilge. Oifigeach airm de chuid na hImpireachta ba ea a hathair agus ba Shasanach í a máthair. Bhí labhairt na Gaeilge a seanathair, agus ba dhlúth an bhaint a bhí ag Íde leis an Athbheochan i dtús an fichiú haois. Ba bhailitheoir, eagarthóir, díograiseoir agus poblachtach í, agus mhol sí go mbunófaí Dáil Uladh na mBan do Ghaeilgeoirí mná na cúige. Thit sí i ngrá le Ruairí Mac Easmainn (fear a raibh mealladh ann dá ainneoin féin, is dócha) agus í ag múineadh Gaeilge dó: *Tart deireadh an óil, brón deireadh an ghrá*. Thug sí a lán leabhair scéalta amach, agus b'uiscedhathadóir freisin í. Leithéid Stáis Ní Chnáimhín thuas, b'fhada an saol a bhí aici: bhí sí ocht mbliana is nócha d'aois nuair a cailleadh í.



Cartlann ar líne

Suíomh eile a gcuirfidh mórán daoine suim ann is ea <http://research.dho.ie/fng/index.php>, cartlann ábhar Gaeilge de chuid na tréimhse 1600-2000. Mar chuid den chartlann tá bailiúchán de bhreis agus daichead leabhar a d'fhoilsigh Conradh na Gaeilge idir na blianta 1882 agus 1926.

Acadamh Ríoga na hÉireann a stiúir an tionscadal, agus foireann Fhoclóir na Nua-Ghaeilge a d'ullmhaigh formhór na dtéacsanna. Is mór an cúnamh a leithéid chun foclóir stairiúil a chur i dtoll a chéile, rud a dhéanfar. Ní hamháin sin, ach is iontach an deis í chun teacht ar shaothair (agus saothair de na hAthbheochana san áireamh) nach mbeadh fáil orthu ar aon bhealach eile.

Ag seo sliocht sa seanlitriú as *Caoimhghin Ó Cearnaigh*, úrscéal le hUilliam Ó Riain a foilsíodh sa bhliain 1913 agus atá le fáil ar an suíomh.

D'éirigh Caoimhghin Ó Cearnaigh as an mhúinteoireacht sa “Sgoil Náisiúnta” i gCluaintobair san mbliadhain 190-. Tháinig iongnadh mór ar an mbainisteoir, ar an sean-oide, agus ar na daoineibh go léir mar gheall air sin.

Tháinig uaigneas ar a gcroidhe leis ar n-a chloisint dóibh go raibh sé ar tí imtheacht go Baile Átha Cliath, áit chómh fada i gcéin, dar leo, agus do bhí Tír na nÓg. Cad a bhí air ar aon chor, de chionn a bheith ag imtheacht agus é go sona, mar a raibh sé, 'na bhaile dhúthchais imeasg a mhuintire féin? Dubhairt sé leo gurbh amhlaidh do chuala sé port draoidheachta ar nós daoine ins na sean-sgéalta agus gurbh éigin dó triall 'na dhiaidh.

Bhí sé 'na chongantóir sa sgoil le breis a's dhá bhliadhain, agus do réir cosamhlacht' bhí gach rud ag éirghe leis go geal. Ba ghaonaí leis an áit agus gach ar bhain léi. Agus ba mhór le rádh iad súd.

Tá Cluaintobair i bhfad ó bhaile agus ó shráid-bhaile. Bhí tréithe agus nása na nGaedheal le fágghail innte an uair sin chómh bríoghmhar agus a bhíodar riamh, gíodh go raibh an tsean-shíbhialtacht ag dul i n-éag ins an tír thart timcheall. Bhí seanchuidhthe innte go raibh nídh ba mhó eolais aca ar Fhionn agus ar an nGobán Saor 'ná ar fheisiri agus poilitidheacht. Bhí sean-sgéalta, sean-fhilidheacht, sean-phaidreacha, agus sean-ráidhte go flúirseach innte. Bhíodh an “chuididheacht” ar siubhal ist-oidhche. Bhí corr-dhuine i n-ann amhráin do chumadh. Chuir na sean-daoine suim in a lán míorbhaile agus a lán piseoga. Bhíodar cinnte glan go bhfacadar taidhbhsidhe go minic, agus chreid a lán, idir óg agus sean, go raibh na Daoine Maithe 'na gcómhnuidhe sa lios, mar a bhíodar leis na ciantaibh.

Gaeilge pholaitiúil

Chuirfí suim in alt le Colm Ó Broin ar *Gaelscéal* (‘Iriseoir bocht buartha faoin nGaeilge sa Dáil,’ 28/10/11) faoin méadú a tháinig ar labhairt na Gaeilge sa Dáil le déanaí. Déanann sé tagairt, mar shampla, d’óráid a thug an Taoiseach Éanna Ó Cionnaith faoi chúrsaí eacnamaíochta agus í i nGaeilge ar fad, agus deir sé go bhfuil creidiúint ag dul do Gerry Adams (Sinn Féin) as an mborradh a tháinig faoi úsáid na Gaeilge san Oireachtas le linn Cheisteanna na gCeannairí.

Maith an scéal, a déarfá. Ach deir Ó Broin go bhfuil úsáid na teanga ag cur isteach ar iriseoirí éigin nach féidir leo míreanna cainte a úsáid i dtuairiscí raidió i mBéarla. Tá, ar ndóigh, seirbhís ateangaireachta sa Dáil, ach is minic nach úsáidtear í – le náire, b’fhéidir.

Is mó an tábhacht atá le húsáid na Gaeilge sa Dáil ná mar atá le Gaeilge a bheith ag an Uachtarán nó le cáipéisí doléite Béarla a aistriú go Gaeilge is doléite fós. Ní mór blas beo a bheith ar an teanga i ngnáthchúrsaí stáit. Tá formhór na dTeachtaí Dála fágtha gan Ghaeilge de dheasca mhí-éifeacht na Gaeilge éigeantaí, agus is cosúil go gcaithfidimid a bheith ag súil le glúin nua den aicme pholaitiúil ón gcóras lán-Ghaeilge. Má thagann, is maith ann iad.



Múineadh teangacha in Victoria

Tá Victoria na hAstráile ina shampla breá de na rudaí a d'fhéadfaí a dhéanamh agus nach ndéantar maidir le múineadh teangacha i dtír shaibhir shocair ilchultúrtha Bhéarla. Bíonn trácht gan stad ann ar bhuntáistí an dátheangachais ach ní thagann toradh ar an gcaint. Tamall ó shin tháinig tuarascáil amach dar theideal 'Languages for Victoria's future: An analysis of languages in government schools,'¹ agus eolas inti ar thuairimí freagróirí, idir dhaoine aonair agus sainghrúpaí. Léiríonn siad an dúil atá ag cuid mhaith den phobal i múineadh ceart na dteangacha.

Cuireann an tuarascáil i gcuimhne dúinn go bhfuil teangacha iascahta ag teacht chun cinn i gcúrsaí cumarsáide domhanda. Sa bhliain 1997 bhí os cionn 80% de leathanaigh ghréasáin i mBéarla; faoin mbliain 2001, áfach, ní raibh Béarla á úsáid ach ag 43%.

Deir an tuarascáil gur léir ó thaighde a rinneadh san Astráil agus i dtíortha eile gur féidir an litearthacht a aistriú ó theanga amháin go dtí teanga eile, agus leas le baint as an gcumas sin - ábhar agus foirm a aithint thar a chéile, tuiscint anailíseach a úsáid chun gan an dá theanga a mheascadh. Tá bua an úrmhachnaimh ag baint leis, agus cuidíonn sé leat post a fháil sa bhaile nó i gcéin.

Na ceistanna is mó a tarraingíodh anuas sa tuarascáil bhain siad le cumas na múinteoirí, maoiniú teangacha, leanúnachas teanga sna scoileanna, cúrsaí ama agus curaclaim, agus fógraíocht na dteangacha. Aistrionn 80% de na daltaí óga ó bhunscoil amháin go bunscoil eile, agus iachall orthu dul i mbun teanga iascahta nua dá bharr. Lena chois sin, is beag ceangal atá idir bunscoileanna agus meánscoileanna maidir le múineadh na dteangacha.

Chreid an chuid is mó de na freagróirí gur cheart teangacha iascahta a mhúineadh sna bunscoileanna chun leas a bhaint as díograis na bpáistí óga. (Is díol spéise é, áfach, nach raibh suim ag dhá scoil ilchultúrtha i múineadh teangacha toisc go raibh teanga eile ag an oiread sin daltaí cheana.) Is minic, ar ndóigh, a ligtear do dhaltá meánscoile teanga iascahta a thréigean ar chúis shuarach, rud a bhaineann le neamhspéis an phobail i dteangacha eile an domhain. Thairis sin de, is annamh am a ndóthain ag múinteoirí chun teangacha a mhúineadh mar is ceart, rud a bhaineann le míthuiscint na scoileanna féin ar an scéal.

Bhí eolas ag formhór na bhfreagróirí ar thumchláir nó ar chláir dhátheangacha. Síleadh go raibh an-éifeacht leo, ach go mbeadh breis acmhainní, breis múinteoirí cáilithe agus breis dúthrachta ag teastáil. Is féidir cuid chomhtháite den churaclam iomlán a dhéanamh de theangacha, ach bheadh breis ama ag teastáil chuige agus chun an teanga féin a mhúineadh.

Shíl formhór na bhfreagróirí gur cheart an oiread céanna teangacha a mhúineadh feasta is atá ann anois. Múintear mórán teangacha i scoileanna Victoria, ach níl roinnt acu le fáil ach i scoil amháin nó i gcúpla scoil. Níl á múineadh go forleathan ach Indinéis, Sínis, Seapáinis, Iodáilis, Francis, Gearmáinis agus Gréigis.

Mar is gnách, cuireann an tuarascáil béim ar cé chomh fóna is atá na teangacha i gcúrsaí gnó, agus ní gan chúis é, ós fearr le daoine seirbhísí agus earraí a cheannach trína dteanga féin. 70% de na earraí a easportáiltear ó Victoria téann siad chun tíortha nach labhraíonn Béarla.

Tá an Rialtas chun teangacha a chur á múineadh ón naíonra amach, agus imní orthu toisc gur tháinig laghdú 30% le deich mbliana anuas ar an méid státscoileanna atá ag múineadh teangacha iascahta. Admhaíonn an tAire gur dóigh le daoine i gcónaí gur leor dóibh Béarla, teanga 'domhanda'. Faoi láthair tá scoileanna in limistéir áirithe á spreagadh chun na teangacha céanna a mhúineadh ar son an leanúnachais. Tá scoláireachtaí á dtairiscint do mhic léinn mhúinteoireachta agus do mhúinteoirí stáit chun cuidiú leo teangacha a fhoghlaim agus a úsáid.²

Tá an-tábhacht i gcónaí le tíortha agus teangacha na hÁise i gcúrsaí eacnamaíochta, polaitíochta, sóisialta, straitéise agus cultúir. Ach tá Seapáinis agus Indinéis ag dul i léig sna scoileanna, agus daltaí de shliocht Síneach amháin is mó a dhéanann staidéar ar an tSínis. Tá laghdú tagtha ar líon na mac léinn a dhéanann

¹ Féach http://www.eduweb.vic.gov.au/edulibrary/public/teachlearn/student/lem/language_report.pdf.

² 'Grants for teaching languages,' Jewel Topsfield, *The Age*, 8/11/11.

staidéar ar theanga sna hollscoileanna (cé gur baineadh geit as Ollscoil Melbourne nuair a roghnaigh cuid mhór daoine teanga iasachta mar ábhar i ndiaidh athchóiriú an churaclaim). Is minic daoine ag tosú as an nua, rud a bhacann orthu máistreacht a fháil ar theanga; laghdaíonn líon na múinteoirí dá réir. Tá moladh suimiúil déanta ag acadóir sinseartha: daoine a chur chun na hÁise ar feadh bliana nó dhó ar scoláireacht chun deis a thabhairt dóibh iad féin a thumadh in Indinéisís nó i Sínis.³ Is dóigh le mo dhuine nach gcosnódh sé níos mó ná 8% de bhuiséad cabhrach iasachta na hAstráile – costas réasúnta, tríd is tríd. Ach b'fhearr fós tosú le clár dátheangach sna bunscoileanna – rud nach dtiocfaidh amárach.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au or to coling.ryan@ato.gov.au.

³ 'Minding our languages,' Hugh White, *The Age*, 8/11/11.

Leaganacha Simplithe

Beathaisnéisí ar líne

Tá 1,693 beathaisnéis Gaeilge le fáil ar shuíomh nua: www.ainm.ie. Tá siad bunaithe ar shraith beathaisnéisí a d'fhoilsigh An Clóchomhar. Fuarthas⁴ airgead ón Rialtas chuige.⁵ Tá a lán ban le fáil ann, agus baint ag mórán acu leis an Athbheochan.⁶

Ar na mná úd⁷ bhí an scoláire Gertrude Schoepperle (1882-1921), scoláire de shliocht Gearmánach⁸ a shaothraigh an Ghaeilge sna Stáit i dtús na haoise seo caite. Chuidigh sí le *Beatha Choluim Chille*, seantéacs an-tábhachtach, a chur in eagar. Rugadh í in Pennsylvania agus rinne sí staidéar i Meiriceá, sa Ghearmáin, sa Fhrainc agus in Éirinn. Bhí aithne aici ar a lán scoláirí móra Gaeilge. Fuair sí post in Ollscoil Illinois, áit a raibh an Ghaeilge á shaothrú go díograiseach. Deirtear go raibh na húdaráis claonta ina haghaidh⁹ toisc gur bhean í. Chaill sí a post in Illinois agus fuair post eile mar Ollamh le Francis in Vassar. D'fhoilsigh sí saothar faoi fhoinsí an rómánsachais.

Tá beatha Áine Ní Chnáimhín (1908-2001) ann chomh maith. Ba dhuine de theaghlach mór cliste í. Ba mhúinteoir i Luimneach í agus Gaeilge mhaith aici. Bhí suim mhór aici sa drámaíocht, agus sna daichidí d'aistrigh sí a lán drámaí Béarla go Gaeilge. Scríobh sí roinnt drámaí i nGaeilge í féin chomh maith.

Protastúnach Ultach ba ea Íde Nic Néill (1860-1959). Ba dhuine den uasaicme¹⁰ í. D'oibrigh sí go dúthrachtach ar son na Gaeilge agus ba phoblachtach í. Thug sí mórán leabhair scéalta amach, agus b'uiscedhathadóir¹¹ freisin í.

Múineadh teangacha in Victoria

Is sampla de dhrochmhúineadh na dteangacha i dtír ilchultúrtha é Victoria na hAstráile. Tamall ó shin tháinig tuarascáil amach: 'Languages for Victoria's future: An analysis of languages in government schools'. Tá tuairimí an phobail ar an scéal le fáil inti. Deir sí go gcuireann an dátheangachas feabhas ar chumas machnaimh na ndaltaí.

Má dhéanann daltaí staidéar ar theanga áirithe sa bhunscoil, is minic is deacair dóibh leanúint orthu¹² a foghlaim sa mheánscoil. Chomh maith leis sin, tá mórán daoine ann nach dtuigeann cén tairbhe is feidir a bhaint as teangacha iasachta¹³ i gcúrsaí sóisialta agus eacnamaíochta. Deir an tuarascáil go gcaithfidh an Rialtas pleanáil éifeachtach náisiúnta a dhéanamh maidir le teangacha agus cúnamh a fháil ó gach dream a bhfuil suim acu sa scéal.

Chreid mórán freagróirí¹⁴ gur cheart teangacha iasachta a mhúineadh sna bunscoileanna chun leas a bhaint as¹⁵ díograis na bpáistí óga. Ach is minic a ligtear do¹⁶ dhaltaí teanga iasachta a thréigean, agus is minic nach bhfuil am a ndóthain¹⁷ ag múinteoirí chun teanga a mhúineadh mar is ceart. Bhí

⁴ Fuarthas – was obtained

⁵ Chuige – for the purpose

⁶ An Athbheochan – the Gaelic Revival

⁷ Ar na mná úd – among the aforementioned women

⁸ De shliocht Gearmánach – of German descent

⁹ Claonta ina haghaidh – prejudiced against her

¹⁰ Uasaicme – upper class

¹¹ Uiscedhathadóir - watercolourist

¹² Is minic is deacair dóibh leanúint orthu – it is often difficult for them to continue

¹³ Iasachta - foreign

¹⁴ Freagróirí - respondents

¹⁵ Chun leas a bhaint as – to get the full benefit of

¹⁶ Lig do - allow

eolas ag mórán daoine ar chlár dhátheangacha agus shíl siad go raibh na clár sin go han-mhaith. Ach ní féidir iad a úsáid gan bhreis acmhainní.

Tá béim á cur ar úsáid na dteangacha i gcúrsaí gnó, mar is fearr le daoine seirbhísí agus earraí a cheannach trína dteanga féin. 70% de na earraí a easportáiltear ó Victoria téann siad chun tíortha nach labhraíonn Béarla.

Tá an Rialtas ag iarraidh teangacha a chur chun cinn sna scoileanna. Tháinig laghdú mór ar an méid scoileanna stáit a mhúineann teangacha iasachta. Tá scoláireachtaí á dtairiscint anois do mhúinteoirí stáit ar mian leo teangacha a fhoghlaim agus a úsáid.

Tá an-tábhacht le teangacha na hÁise, ach is beag duine atá á bhfoghlaim sna scoileanna nó sna hollscoileanna. Deir acadóir amháin gur fiú daoine a chur chun na hÁise ar feadh bliana nó dhó ar scoláireacht chun deis a thabhairt dóibh iad féin a thumadh i dteangacha an réigiúin. Deir sé nach gcosnódh sé níos mó ná 8% de bhuiséad cabhrach iasachta¹⁸ na hAstráile.

¹⁷ Am a ndóthain – enough (of their) time

¹⁸ Buiséad cabhrach iasachta – foreign aid budget